# An Club Áitiúil a Fheabhsú

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas - airgead<br>*Naisc Thraschuraclaim - Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn, Corpoideachas, Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint* |
| **Próisis:** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• réimse straitéisí a fhorbairt le haghaidh réiteach fadhbanna, ag lorg dóigheanna le deacrachtaí a shárú<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• suímh mhatamaiticiúla a léirmhíniú ag úsáid siombailí agus léaráidí cuí<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• torthaí a sheiceáil agus a mheas le feiceáil an luíonn siad le réasún |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | buiséad, suimigh, dealaigh, iolraigh, luach ar airgead, CBL, méadaigh, laghdaigh, díolachán, praghas, meastachán |
| **Áiseanna** | gléasanna le rochtain a fháil ar an idirlíon, catalóga spóirt, áireamhán, Uirlis Airgid Mol Mata |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

Oibríonn na daltaí i ngrúpaí le haontú faoina gcuid tosaíochtaí, taighde a dhéanamh ar an chostas, agus cinneadh a dhéanamh faoin dóigh le £100,000 a chaitheamh le feabhsuithe a chur i gcrích maidir lena gclub áitiúil. Thig leo smaoineamh ar na rudaí seo a leanas:

- an costas ar roghanna difriúla
- luach ar airgead
- caighdeán
- buanfas
- roghanna atá neamhdhíobhálach don timpeallacht
- ag ceannach ó ghnólachtaí áitiúla srl

Is féidir na roghanna seo a bheith san áireamh, ach ní liosta iomlán é.

| **Roghanna** | **Costas** |
|---|---|
| Féar nua don pháirc | |
| Cúil/eangacha nua | |
| Cithfholcadáin nua sna seomraí feistis | |
| Geansaithe nua do na foirne uilig | |
| Liathróidí nua | |
| Meaisíní reatha nua don ionad aclaíochta | |
| Trealamh garchabhrach | |
| Marcanna ar an pháirc/chúirt | |
| Suíocháin nua don lucht tacaíochta | |
| Buidéil uisce nua do na himreoirí | |
| Scairdeán uisce nua | |
| Scórchlár nua | |
| Raon siúil thart ar an pháirc | |

Cuireann gach grúpa a mbuiséad i láthair don rang agus míníonn siad an réasúnaíocht taobh thiar de na cinntí a rinne siad.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cé acu earra is daoire?<br>• Cé acu earra is saoire?<br>• Cad é an difear idir an t-earra is daoire agus an t-earra is saoire?<br>• Cad é costas iomlán na bhfeabhsuithe?<br>• An mbeidh tú ábalta gach rogha a roghnú? | • Agus do thaighde san áireamh agat, cad é mar a d'athraigh do chuid tosaíochtaí?<br>• Cé acu de na roghanna atá le leas an chlub?<br>• Cad chuige ar roghnaigh tú ___ in áit___?<br>• Agus caiteachas grúpaí eile san áireamh agat, an athrófá do chuid caiteachais? Cad chuige?<br>• Cad é mar a shocraigh tú do chuid airgid a chaitheamh? |

## Difreáil

Socraigh an comhthéacs de réir shuim agus thuiscint na ndaltaí. Socraigh méideanna airgid de réir mar is cuí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.